RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1361 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmithe na n-údarás inniúil i gcur chun feidhme na rialacha lena mbaineann na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh agus táirgeadh na n-aerárthaí a úsáidtear maidir leis an eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 62(14) agus Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ([2]) na ceanglais maidir le heracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí, do chodanna agus d'fhearais na n-aerárthaí sibhialta, mar aon leis na hinnill, na liáin agus na codanna a shuiteálfar iontu, lena n-áirítear deimhniúchán na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe.

(2) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ([3]) ón gCoimisiún rialacha simplí agus comhréireacha maidir leis an eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire, rialacha atá costéifeachtach agus lena laghdaítear aon ualach riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leis do na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh agus táirgeadh aerárthaí den sórt sin, agus na leibhéil riachtanacha sábháilteachta á gcoinneáil ar bun acu san am céanna.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha iomchuí maidir le cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmithe na n-údarás inniúil a thabhairt isteach chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na rialacha simplí agus comhréireacha a áirithiú maidir le haerárthaí atá beartaithe go príomha lena n-úsáid don spórt agus don áineas a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358.

(4) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 idirthréimhse leordhóthanach maidir le heagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh agus táirgeadh aerárthaí den sórt sin chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na rialacha nua agus na nósanna imeachta a tugadh isteach leis an Rialachán sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an idirthréimhse chéanna maidir leis na rialacha le haghaidh na n-údarás inniúil.

(5) Dá réir sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú.

(6) Tá na tuairimí dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le Tuairim Uimh. 05/2021 ([4]), a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, codanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire (IO L 205, 5.8.2022, lch. 7,).

([4]) Tuairim 05/2021 an 22 Deireadh Fómhair 2021 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, *Part 21 Light — Certification and declaration of design compliance of aircraft used for sport and recreational aviation and related products and parts, and declaration of design and production capability of organisations* [Cuid 21 Éadrom — Deimhniúchán agus dearbhú i ndáil le comhlíonadh dearaidh na n-aerárthaí a úsáidtear maidir leis an eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh mar aon leis na táirgí agus codanna gaolmhara, agus an dearbhú i ndáil le cumas dearaidh agus táirgthe na n-eagraíochtaí], https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions/opinion-052021

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ib (*Part 21 Light* [Cuid 21 Éadrom]) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach na pointí 21L.1) agus (21L.2) seo a leanas:

"21L.1 **Raon feidhme**

(a) Bunaítear le Roinn A den Iarscríbhinn seo (Cuid 21 Solas) na forálacha lena rialaítear cearta agus oibleagáidí na ndaoine seo a leanas a bhfuil a bpríomháit ghnó lonnaithe i mBallstát:

1. iarratasóir ar aon deimhniú, agus sealbhóir aon deimhnithe, a eisíodh nó atá le heisiúint i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

2. daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhearbhaíonn, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, comhlíonadh deartha, inniúlachtaí deartha nó inniúlachtaí táirgthe, nó a bhfuil sé beartaithe acu dearbhuithe den sórt sin a dhéanamh;

3. gur shínigh duine ráiteas comhréireachta i leith aerárthaigh, nó deimhniú scaoilte údaraithe (Foirm 1 EASA) d'inneall, do lián nó do pháirt arna táirgeadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

(b) I Roinn B den Iarscríbhinn seo, bunaítear na forálacha lena rialaítear deimhniúchán, maoirseacht agus forfheidhmiú ag an nGníomhaireacht agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus bunaítear ceanglais maidir lena gcórais riaracháin agus bainistíochta i ndáil le feidhmiú na gcúraimí sin.

21L.2 **Údarás inniúil**

Chun críoch na hIarscríbhinne seo, is é a bheidh san 'údarás inniúil':

(a) i gcás Roinn A, Fochuid A,

1. i gcás eagraíochtaí deartha, an Ghníomhaireacht;

2. i gcás eagraíochta táirgthe, an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil a príomhionad gnó ag an eagraíocht; nó an Ghníomhaireacht i gcás inar ath-leithdháileadh an fhreagracht sin ar an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagail 64 nó 65 de Rialachán (AE) 2018/1139;

(b) i gcás Roinn A, Fochodanna B, C, D, E, F, J, K, M, N agus Q, an Ghníomhaireacht;

(c) i gcás Roinn A, Fochodanna G, H, I agus R an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil a príomhionad gnó ag an eagraíocht; nó an Ghníomhaireacht i gcás inar ath-leithdháileadh an fhreagracht sin ar an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagail 64 nó 65 de Rialachán (AE) 2018/1139;

(d) i gcás Roinn A, Fochuid P:

1. i gcás aerárthaí atá cláraithe i mBallstát, an t-údarás arna ainmniú ag Ballstát an chláraithe;

2. i gcás aerárthaí neamhcláraithe, an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát a rinne na marcanna sainaitheantais a fhorordú;

3. i gcás dálaí eitilte a bhaineann le sábháilteacht an deartha a fhormheas, an Ghníomhaireacht.";

(2) leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Fhochuid A seo a leanas:

"FOCHUID A – FORÁLACHA GINEARÁLTA

21L.B.11 **Doiciméadacht maoirseachta**

Soláthróidh an t-údarás inniúil na gníomhartha reachtacha, na caighdeáin, na rialacha, na foilseacháin theicniúla agus na doiciméid ghaolmhara uile don phearsanra ábhartha chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a dhéanamh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

21L.B.12 **Malartú faisnéise**

(a) Roinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit agus an Ghníomhaireacht an fhaisnéis atá ar fáil dóibh trína n-imscrúdú a rinneadh agus trína maoirseacht a dhéanfar i gcomhréir leis an Roinn seo agus atá ábhartha don pháirtí eile agus cúraimí deimhniúcháin, maoirseachta nó forfheidhmithe á ndéanamh acu faoin Roinn seo.

(b) Comhordóidh údarás inniúil an Bhallstáit agus an Ghníomhaireacht imscrúdú dírithe ar an táirge agus maoirseacht ar dhearadh agus ar tháirgeadh táirgí agus páirteanna faoin Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear, más gá, cuairteanna comhpháirteacha chun maoirseacht a dhéanamh.

21L.B.13 **Faisnéis don Ghníomhaireacht**

(a) Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra don Ghníomhaireacht i gcás ina mbeidh fadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, laistigh de 30 lá ón tráth a bheidh an t-údarás inniúil ar an eolas faoin na fadhbanna sin.

(b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe ná dá ghníomhartha cur chun feidhme, soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit an méid a leanas don Ghníomhaireacht a luaithe is féidir: aon fhaisnéis atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha tarluithe atá stóráilte sa bhunachar sonraí náisiúnta mar a shonraítear in Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014.

21L.B.14 **Treoracha aeracmhainneachta a fuarthas ó Stáit nach Ballstáit iad**

Nuair a fhaigheann údarás inniúil Ballstáit treoir aeracmhainneachta ó údarás inniúil Stáit nach Ballstát é, aistreofar an treoir aeracmhainneachta sin chuig an nGníomhaireacht.

21L.B.15 **Freagairt láithreach d'fhadhb shábháilteachta**

(a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe ná dá ghníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit córas a chur chun feidhme chun faisnéis sábháilteachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh ar bhealach iomchuí.

(b) Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha a fhaightear agus, gan moill mhíchuí, tabharfaidh sí do na Ballstáit agus don Choimisiún aon fhaisnéis, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh, is gá chun gur féidir leo freagairt go tráthúil d'fhadhb shábháilteachta a bhaineann le táirgí, páirteanna, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

(c) Tar éis d'údarás inniúil an Bhallstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh sé bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shábháilteachta.

(d) Déanfar bearta a dhéantar faoi phointe (c) de phointe 21L.B.15 a chur in iúl láithreach do gach duine nó do gach eagraíocht ar gá dóibh iad a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoi na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra faoi na bearta sin don Ghníomhaireacht chomh maith agus, nuair a bheidh gá le gníomhaíocht chomhpháirteach, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile lena mbaineann.

21L.B.16 **Córas bainistíochta**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil córas bainistíochta a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

1. beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar a heagrú, ar a modhanna agus ar a modhanna chun Rialachán (AE) 2018/1139 agus Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a chomhlíonadh. Coimeádfar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfear iad mar na bundoiciméid oibre laistigh den údarás inniúil sin i gcás na gcúraimí gaolmhara uile;

2. líon leordhóthanach pearsanra chun a gcúraimí a dhéanamh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Beidh córas i bhfeidhm chun a phleanáil go mbeidh pearsanra ar fáil d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na cúraimí go léir i gcrích mar is cuí;

3. pearsanra atá cáilithe chun na cúraimí a sannadh dóibh a dhéanamh agus a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá acu, agus a bhfuil an oiliúint tosaigh agus thréimhsiúil acu chun inniúlacht leanúnach a áirithiú;

4. saoráidí leordhóthanacha agus cóiríocht oifige leordhóthanach chun na cúraimí a sannadh dóibh a dhéanamh;

5. feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonacht an chórais bainistíochta leis na ceanglais ábhartha, agus ar leordhóthanacht na nósanna imeachta, lena n-áirítear próiseas iniúchóireachta inmheánach agus próiseas um bainistiú rioscaí sábháilteachta a bhunú. Áireofar san feidhm faireacháin ar chomhlíontacht córas chun aiseolas a chur ar fáil maidir le torthaí iniúchóireachta a chuirfear faoi bráid bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil chun cur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha a áirithiú de réir mar is gá;

6. duine nó grúpa daoine a bhfuil freagracht orthu do bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil maidir leis an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíontacht.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil, i gcás gach réimse gníomhaíochta, lena n-áirítear an córas bainistíochta, duine amháin nó níos mó a cheapadh a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán air nó orthu as an gcúram nó na cúraimí ábhartha a bhainistiú.

(c) Bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise uile is gá le haon údarás inniúil eile lena mbaineann agus tabharfaidh sé cúnamh dóibh, bíodh sé ón mBallstát céanna nó ó Bhallstáit eile, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

1. na torthaí uile a ardaíodh agus aon bheart leantach a rinneadh de thoradh na formhaoirseacht ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí ar chríoch Ballstáit, ach ar daoine nó eagraíochtaí iad arna ndeimhniú ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht;

2. aon fhaisnéis a eascraíonn as tuairisciú éigeantach agus tuairisciú deonach ar tharluithe mar a cheanglaítear le pointe 21L.A.3.

(d) Déanfar cóip de na nósanna imeachta a bhaineann le córas bainistíochta údarás inniúil an Bhallstáit agus aon leasuithe ar na nósanna imeachta sin a chur ar fáil don Ghníomhaireacht chun críche caighdeánaithe.

21L.B.17 **Na cúraimí a leithdháileadh ar eintitis cháilithe**

(a) Féadfaidh údarás inniúil na cúraimí a bhaineann leis an deimhniúchán tosaigh nó leis an maoirseacht leanúnach ar tháirgí agus ar pháirteanna, agus ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, a leithdháileadh ar eintitis cháilithe. Agus cúraimí á leithdháileadh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

1. go bhfuil córas curtha i bhfeidhm aige chun measúnú tosaigh agus leanúnach a dhéanamh chun a mheas an gcomhlíonann an t-eintiteas cáilithe Iarscríbhinn VI 'Ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le heintitis cháilithe' a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139. Déanfar an córas sin agus torthaí na measúnuithe a dhoiciméadú;

2. go mbeidh comhaontú doiciméadaithe bunaithe aige leis an eintiteas cáilithe, comhaontu a d'fhormheas an dá pháirtí ar an leibhéal bainistíochta iomchuí, ina sainítear an méid seo a leanas:

(i) na cúraimí atá le comhlíonadh;

(ii) na dearbhuithe, na tuarascálacha agus na taifid atá le soláthar;

(iii) na coinníollacha teicniúla is gá a chomhlíonadh agus na cúraimí sin á ndéanamh;

(iv) an cumhdach i leith dliteanas lena mbaineann;

(v) an chosaint a thugtar don fhaisnéis a fhaightear agus na cúraimí sin á ndéanamh.

(b) Áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcumhdófar leis an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí agus leis an bpróiseas um bainistiú riosca sábháilteachta a cheanglaítear le pointe (a)(5) de phointe 21L.B.16 na cúraimí deimhniúcháin agus na cúraimí maoirseachta leanúnacha uile a dhéanann an t-eintiteas cáilithe thar a cheann.

21L.B.18 **Athruithe sa chóras bainistíochta**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun athruithe a shainaithint, athruithe a dhéanann difear dá chumas a thascanna a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a shainmhínítear i Rialacháin (AE) 2018/1139 agus (AE) Uimh. 376/2014 faoi na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. Cuirfidh an córas seo ar a chumas dó an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go leanfaidh a chóras bainistíochta de bheith leordhóthanach agus éifeachtach.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chóras bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a léiriú, ar bhealach tráthúil, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

(c) Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra don Ghníomhaireacht faoi aon athruithe a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a shainmhínítear i Rialacháin (AE) 2018/1139 agus (AE) Uimh. 376/2014 faoi na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

21L.B.19 **Réiteach díospóidí**

Bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit próiseas chun díospóidí a réiteach laistigh dá nósanna imeachta doiciméadaithe.

21L.B.20 **Taifid a choimeád**

(a) Bunóidh an t-údarás inniúil córas chun taifid a choimeád, ar córas é a fhágfaidh go bhféadfaidh stóráil leordhóthanach, inrochtaineacht leordhóthanach agus inrianaitheacht iontaofa a bheith ann maidir leis na nithe seo a leanas:

1. beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe an chórais bainistíochta;

2. oiliúint, cáilíochtaí agus údarú a phearsanra;

3. leithdháileadh na gcúraimí, lena gcumhdófar na heilimintí a cheanglaítear le pointe 21L.B.17, mar aon le mionsonraí na gcúraimí a leithdháiltear;

4. próisis deimhniúcháin agus maoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí deimhnithe agus dearbhaithe, lena n-áirítear:

(i) iarratais ar dheimhniú;

(ii) dearbhuithe inniúlachta;

(iii) dearbhuithe comhlíontachta maidir le dearadh;

(iv) clár leanúnach maoirseachta an údaráis inniúil, lena n-áirítear na measúnuithe, na hiniúchtaí agus na taifid chigireachta go léir;

(v) na deimhnithe a eisíodh lena n-áirítear aon athrú a dhéanfar orthu;

(vi) cóip den chlár maoirseachta ina liostaítear na dátaí atá na hiniúchtaí dlite agus na dátaí a rinneadh iniúchtaí;

(vii) cóipeanna de gach comhfhreagras foirmiúil;

(viii) moltaí maidir le heisiúint nó le hathnuachan deimhnithe nó maidir le leanúint le clárú dearbhaithe, mionsonraí na dtorthaí agus na ngníomhaíochtaí a rinne na heagraíochtaí chun clabhsúr a chur ar na torthaí sin, lena n-áirítear dáta clabhsúir gach ítime, na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus na barúlacha;

(ix) aon mheasúnú, iniúchadh nó tuarascáil chigireachta arna heisiúint ag údarás inniúil eile;

(x) cóipeanna de na lámhleabhair, de na nósanna imeachta agus de na próisis nó de na lámhleabhair eagrúcháin ar fad agus na leasuithe orthu;

(xi) cóipeanna d'aon doiciméad eile a d'fhormheas an t-údarás inniúil;

5. ráitis chomhréireachta aerárthaí (Foirm 52B EASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1 EASA) d'innill, liáin nó codanna a scrúdaigh sé i gcomhréir le Fochuid R den Iarscríbhinn seo.

(b) Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit an méid seo a leanas san áireamh agus taifid á gcoimeád:

1. meastóireacht agus fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le haon mhodhanna malartacha comhlíontachta a mholann eagraíochtaí, agus an measúnú ar aon mhodh eile comhlíontachta a úsáideann an t-údarás inniúil féin;

2. faisnéis sábháilteachta i gcomhréir le pointe 21L.B.13 agus bearta leantacha;

3. forálacha coimirce agus solúbthachta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 71(1) agus le hAirteagal 76(4) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(c) Coimeádfaidh an t-údarás inniúil liosta de na deimhnithe go léir atá eisithe aige agus d'aon dearbhuithe atá cláraithe aige.

(d) Coinneofar na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ar feadh íostréimhse 5 bliana, faoi réir an dlí is infheidhme maidir le sonraí a chosaint.

(e) Cuirfear na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla Ballstáit eile nó don Ghníomhaireacht.

21L.B.21 **Torthaí agus barúlacha**

(a) I gcás ina mbraitheann an t-údarás inniúil, le linn imscrúdaithe nó maoirseachta nó ar aon mhodh eile, neamhchomhlíonadh cheanglais infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, nós imeachta nó lámhleabhar a cheanglaítear leis na Rialacháin sin, nó deimhniú nó dearbhú arna eisiúint i gcomhréir leis na Rialacháin sin, déanfaidh sé cinneadh, gan dochar d'aon ghníomhaíocht bhreise a cheanglaítear leis na Rialacháin sin.

(b) Beidh córas ag an údarás inniúil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí i ndáil lena dtábhacht ó thaobh sábháilteachta de.

Eiseoidh an t-údarás inniúil cinneadh leibhéal 1 nuair a aimsítear aon neamhchomhlíonadh suntasach a laghdaíonn sábháilteacht na heitilte nó a chuireann sábháilteacht eitiltí i mbaol mór, nó i gcás eagraíochtaí deartha, féadfaidh neamhchomhlíonadh neamhrialaithe agus bail neamhshábháilte a bheith mar thoradh air de réir phointe 21L.B.23; Áireofar na nithe seo a leanas i dtorthaí Leibhéal 1 freisin, ach ní bheidh siad teoranta dóibh:

1. aon mhainneachtain rochtain a thabhairt don údarás inniúil ar shaoráidí na heagraíochta nó ar shaoráidí an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh mar a shainmhínítear i bpointe 21L.A.10 le linn gnáthuaireanta oibriúcháin agus tar éis dhá iarraidh i scríbhinn;

2. faisnéis mhícheart a sholáthar nó fianaise dhoiciméadach a fhalsú;

3. aon fhianaise ar mhíchleachtas nó ar úsáid chalaoiseach deimhnithe, dearbhaithe nó ráitis arna eisiúint i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

4. bainisteoir cuntasach nó ceann eagraíochta deartha a bheith in easnamh, de réir mar is infheidhme.

Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh ar leibhéal 2 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíontacht i ndáil leis na ceanglais is infheidhme i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, nós imeachta nó lámhleabhar a cheanglaítear leis na Rialacháin sin, nó dearbhú arna eisiúint i gcomhréir leis na Rialacháin sin, nach bhfuil aicmithe mar thoradh leibhéal 1.

(c) Déanfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh sin a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don duine nádúrtha nó dlítheanach agus iarrfaidh sé gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht/na neamhchomhlíontachtaí a sainaithníodh.

(d) Má tá aon torthaí ar leibhéal 1 ann, déanfaidh an t-údarás inniúil gníomhaíocht láithreach iomchuí i gcomhréir le pointe 21L.B.22, ach amháin má aimsítear an cinneadh ar eagraíocht deartha a bhfuil a cumas deartha dearbhaithe aici, agus sa chás sin tabharfaidh an Ghníomhaireacht tréimhse cur chun feidhme maidir le gníomhaíocht cheartaitheach don eagraíocht ar dtús, ar tréimhse í atá iomchuí do chineál an toraidh, ar tréimhse í nach mbeidh níos mó ná 21 lá oibre in aon chás. Tosóidh an tréimhse ón dáta a dhéanfar an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht, ina n-iarrtar gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht a sainaithníodh. Má bhaineann toradh leibhéal 1 go díreach le haerárthach, cuirfidh an t-údarás inniúil é sin in iúl don údarás inniúil den Bhallstát ina bhfuil an t-aerárthach cláraithe.

(e) I gcás torthaí leibhéal 2, tabharfaidh an t-údarás inniúil tréimhse cur chun feidhme maidir le gníomhaíocht cheartaitheach don eagraíocht nó don duine nádúrtha nó dlítheanach atá oiriúnach do chineál an toraidh. Tosóidh an tréimhse ón dáta a dhéanfar an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don duine nádúrtha nó dlítheanach, ina n-iarrtar gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht a sainaithníodh. Ag deireadh na tréimhse sin, agus faoi réir chineál an toraidh, féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh a chur leis an tréimhse ar choinníoll gur gur comhaontaíodh plean gníomhaíochta ceartaithí leis an údarás inniúil.

Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an ngníomhaíocht cheartaitheach agus ar an bplean cur chun feidhme atá beartaithe ag an eagraíocht nó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach, agus má chinntear sa mheasúnú go bhfuil siad leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht/na neamhchomhlíontachtaí, glacfaidh sé leo.

Mura gcuireann eagraíocht nó duine nádúrtha nó dlítheanach plean gníomhaíochta ceartaithí atá inghlactha isteach, nó mura ndéanann siad an ghníomhaíocht cheartaitheach laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi, ardófar an toradh go toradh leibhéal 1 agus déanfar gníomhaíocht mar a leagtar síos i bpointe (d).

(f) Féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a eisiúint le le haghaidh na cásanna seo a leanas nach n-éilítear leo torthaí ar leibhéal 1 ná leibhéal 2:

1. i gcás aon ítime ar measadh a feidhmíocht a bheith neamhéifeachtach;

2. nuair a sainaithníodh go bhfuil sé de chumas ag ítim a bheith ina cúis le neamhchomhlíontacht; nó

3. nuair a bhíonn moltaí nó feabhsuithe ina n-ábhar spéise le haghaidh fheidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán na heagraíochta.

Cuirfear na barúlacha a eisítear faoin bpointe seo in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don duine nádúrtha nó dlítheanach agus déanfaidh an t-údarás inniúil iad a thaifeadadh.

21L.B.22 **Bearta forfheidhmiúcháin**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil an méid a leanas:

1. deimhniú a chur ar fionraí má mheasann sé go bhfuil forais réasúnacha ann go bhfuil gá leis an mbeart sin chun bagairt inchreidte ar shábháilteacht aerárthaí a chosc;

2. treoir aeracmhainneachta a eisiúint faoi choinníollacha phointe 21L.B.23;

3. deimhniú a chur ar fionraí, a chúlghairm nó a theorannú más gá beart den sórt sin de bhun phointe (d) de phointe 21L.B.21;

4. deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a shonraítear i bpointe (b) de phointe 21L.B.163;

5. deimhniú torainn nó deimhniú srianta torainn a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a shonraítear i bpointe (b) de phointe 21L.B.163;

6. an ghníomhaíocht iomchuí a bhfuil gá léi a dhéanamh láithreach chun gníomhaíochtaí eagraíochta nó duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh a theorannú nó a thoirmeasc má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil forais réasúnacha ann go bhfuil gá leis an ngníomhaíocht sin chun bagairt inchreidte ar shábháilteacht aerárthaí a chosc;

7. teorainn nó toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí eagraíochta nó duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a dhearbhaigh a gcumas táirgí nó codanna a dhearadh nó a tháirgeadh i gcomhréir le Roinn A nó a eisíonn ráitis chomhréireachta (Foirm 52B EASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1 EASA) i gcomhréir le Fochuid R de Roinn A den Iarscríbhinn seo de bhun phointe (d) de phointe 21L.B.21;

8. gan dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a chlárú fad atá cinntí gan réiteach ón imscrúdú maoirseachta tosaigh;

9. dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh nó dearbhú cumais a dhíchlárú go sealadach nó go buan de bhun phointe (d) de phointe 21L.B.21;

10. aon bhearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcuirfear deireadh le neamh-chomlíontacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Iarscríbhinn seo agus i gcás inar gá, na hiarmhairtí a bhaineann leis a leigheas.

(b) Agus beart forfheidhmiúcháin á dhéanamh i gcomhréir le pointe (a), tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoin méid sin don seolaí, luafaidh sé na cúiseanna atá leis, agus cuirfidh sé an seolaí ar an eolas faoin gceart atá aige achomharc a dhéanamh.

21L.B.23 **Treoracha aeracmhainneachta**

(a) Ciallaíonn treoir aeracmhainneachta doiciméad arna eisiúint nó arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht lena dtugtar sainordú maidir le gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ar aerárthach chun leibhéal inghlactha sábháilteachta a thabhairt ar ais má léiríonn fianaise go bhféadfaí leibhéal sábháilteachta an aerárthaigh sin a chur i mbaol mura ndéanfar sin.

(b) Eiseoidh an Ghníomhaireacht treoir aeracmhainneachta sna cásanna seo a leanas:

1. gur chinn an Ghníomhaireacht go bhfuil coinníoll neamhsháibháilte ann in aerárthach de dheasca easnamh san aerárthach, nó in inneall, i lián nó i bpáirt a suiteáladh ar an aerárthach sin; agus

2. gur dócha go bhfuil an staid sin ann nó go dtarlóidh sé in aerárthaí eile.

(c) Beidh faisnéis sa treoir aeracmhainneachta lena sainaithneofar an méid seo a leanas ar a laghad:

1. an bhail neamhsháibháilte;

2. an t-aerárthach lena mbaineann;

3. an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí is gá;

4. an tréimhse maidir le comhlíonadh le haghaidh na gníomhaíochta nó na ngníomhaíochtaí atá ag teastáil;

5. an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

21L.B.24 **Modhanna comhlíontachta**

(a) Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíontachta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun comhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

(b) Féadfar modhanna malartacha comhlíontachta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.

(c) Cuirfidh na húdaráis inniúla an Ghníomhaireacht ar an eolas maidir le haon mhodh malartach comhlíontachta a úsáideann daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoina maoirseacht chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.";

(b) cuirtear isteach na Fochodanna G, H agus I seo a leanas:

"FOCHUID G – EAGRAÍOCHTAÍ DEARBHAITHE TÁIRGTHE

21L.B.141 **Imscrúdú maoirseachta tosaigh**

(a) Tar éis dó dearbhú a fháil ó eagraíocht ina ndearbhaítear a gcumas táirgthe, fíoróidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

1. tá an dearbhóir incháilithe a gcumas táirgeachta a dhearbhú i gcomhréir le pointe 21L.A.122;

2. go bhfuil an fhaisnéis go léir atá sonraithe i bpointe (c) de phointe 21L.A.123 sa dearbhú; agus

3. nach bhfuil faisnéis sa dearbhú lena léirítear neamhchomhlíonadh cheanglais Fhochuid G de Roinn A den Iarscríbhinn seo.

(b) Admhóidh an t-údarás inniúil go bhfuair sé an dearbhú, lena n-áirítear gur sannadh uimhir thagartha eagraíochta táirgthe dearbhaithe aonair don dearbhóir.

21L.B.142 **Clárú dearbhaithe maidir le cumas táirgeachta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil an dearbhú maidir le cumas táirgthe a chlárú ar bhunachar sonraí oiriúnach, lena n-áirítear an raon feidhme dearbhaithe oibre, ar choinníoll:

(a) go bhfuil a gcumas dearbhaithe ag an dearbhóir i gcomhréir le pointe 21L.A.123;

(b) go bhfuil gealltanas déanta ag an dearbhóir go rachfar i mbun na n-oibleagáidí i gcomhréir le pointe 21L.A.127;

(c) nach bhfuil aon saincheisteanna gan réiteach ann i gcomhréir le pointe 21L.B.141.

21L.B.143 **Maoirseacht**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil maoirseacht ar an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas is infheidhme de Roinn A ag an eagraíocht táirgthe dearbhaithe a fhíorú agus chun cur chun feidhme na mbeart sábháilteachta a sainordaíodh de réir phointe (c) agus phointe (d) de phointe 21L.B.15 a fhíorú.

(b) Áireofar ar an maoirseacht sin an chéad iniúchadh airteagail ar gach aerárthach, inneall, lián nó dearadh páirte nua a tháirgtear den chéad uair agus, de réir mar a chinntear leis an gclár maoirseachta i gcomhréir le pointe 21L.B.144, iniúchtaí ar aerárthaí, innill, liáin agus páirteanna a táirgeadh tuilleadh agus a tháirgeann an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe.

21L.B.144 **Clár maoirseachta**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil clár maoirseachta a bhunú agus a choinneáil ar bun, chun comhlíontacht le pointe 21L.B.143 a áirithiú. Cuirfear san áireamh sa chlár maoirseachta sin cineál sonrach na heagraíochta, castacht a gníomhaíochtaí, agus torthaí na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin agus/nó na ngníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh roimhe seo, agus beidh sé bunaithe ar an measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis sin. Áireofar ann na nithe seo a leanas, laistigh de gach timthriall pleanála maoirseachta:

1. measúnuithe, iniúchtaí agus cigireachtaí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

   (i) measúnuithe ar chórais bhainistíochta agus iniúchtaí ar phróisis;

   (ii) iniúchtaí táirge ar shampla ábhartha de na táirgí agus de na páirteanna a thagann faoi raon feidhme na heagraíochta;

   (iii) sampláil ar an obair a dhéantar; agus

   (iv) cigireachtaí neamhfhógartha;

2. cruinnithe a tionóladh idir an bainisteoir cuntasach agus an t-údarás inniúil chun a áirithiú go gcoinneofar an dá cheann ar an eolas maidir le gach saincheist shuntasach.

(b) Áireofar sa chlár maoirseachta taifid de na dátaí atá na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe dlite, agus na dátaí a cuireadh na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe i gcrích go héifeachtach.

(c) Cuirfear timthriall pleanála maoirseachta nach faide ná 24 mhí i bhfeidhm.

(d) D'ainneoin phointe (c), féadfar an timthriall pleanála maoirseachta a shíneadh go 36 mhí más rud é gur bhunaigh an t-údarás inniúil an méid a leanas le linn na 24 mhí roimhe sin:

1. go bhfuil sé léirithe ag an eagraíocht gur féidir léi guaiseacha sábháilteachta eitlíochta a shainaithint go héifeachtach agus na rioscaí gaolmhara a bhainistiú;

2. go bhfuil sé léirithe go leanúnach ag an eagraíocht go bhfuil pointe 21L.A.128 á chomhlíonadh agus go bhfuil smacht iomlán aici ar na hathruithe ar fad ar an gcóras bainistíochta táirgthe;

3. nár eisíodh aon toradh ar leibhéal 1;

4. gur cuireadh gach gníomhaíocht cheartaitheach chun feidhme laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi mar a shainmhínítear i bpointe 21L.B.21.

(e) D'ainneoin phointe (c), féadfar síneadh breise a chur leis an timthriall pleanála formhaoirseachta go dtí 48 mhí ar a mhéad más rud é, sa bhreis ar na coinníollacha a sholáthraítear i bpointí (d), go bhfuil córas éifeachtach leanúnach bunaithe ag an eagraíocht chun tuairisciú don údarás inniúil ar fheidhmíocht sábháilteachta agus ar chomhlíontacht rialála na heagraíochta féin, agus go bhfuil an t-údarás inniúil tar éis é a fhormheas.

(f) Is féidir an timthriall pleanála maoirseachta a laghdú má tá fianaise ann gur tháinig laghdú ar fheidhmíocht sábháilteachta na heagraíochta.

(g) Tráth a chuirfear gach timthriall pleanála maoirseachta i gcrích, eiseoidh an t-údarás inniúil tuarascáil ar mholtaí maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe bunaithe ar a cumas táirgthe a dhearbhú, ina léireofar torthaí na maoirseachta.

21L.B.145 **Gníomhaíochtaí maoirseachta**

(a) I gcás ina bhfíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil an eagraíocht táirgthe dearbhaithe i gcomhréir le pointe 21L.B.143 agus leis an gclár maoirseachta a bunaíodh i gcomhréir le pointe 21L.B.144, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

1. treoir a chur ar fáil don phearsanra atá freagrach as maoirseacht chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;

2. measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus, más gá, cigireachtaí neamhfhógartha a dhéanamh;

3. an fhianaise is gá a bhailiú i gcás ina mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochta, lena n-áirítear na bearta dá bhforáiltear i bpointe 21L.B.21 agus i bpointe 21L.B.22;

4. torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a chur in iúl don eagraíocht táirgthe dhearbhaithe.

(b) I gcás ina mbeidh saoráidí na heagraíochta dearbhaithe lonnaithe i níos mó ná Stát amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil, mar a shainaithnítear i bpointe 21L.2, a chomhaontú go ndéanfaidh údarás inniúil nó údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil saoráidí eile lonnaithe na cúraimí maoirseachta sin, nó go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht iad. Déanfar aon eagraíocht táirgthe dhearbhaithe atá faoi réir comhaontú den sórt sin a chur ar an eolas gurb ann dó agus maidir lena raon feidhme.

(c) Maidir le haon ghníomhaíocht mhaoirseachta a dhéanann an t-údarás inniúil i saoráidí atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil a príomháit ghnó ag an eagraíocht, cuirfidh an t-údarás inniúil, údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an eolas sula ndéanfaidh sé aon iniúchadh nó cigireacht ar an láthair ar na saoráidí.

(d) Baileoidh agus próiseálfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh.

(e) Má bhraitheann an t-údarás inniúil neamhchomhlíonadh na gceanglas is infheidhme de Roinn A ag an eagraíocht táirgthe dearbhaithe agus cur chun feidhme na mbeart sábháilteachta a sainordaíodh de réir phointe (c) agus phointe (d) de phointe 21L.B.15, gníomhóidh an t-údarás inniúil i gcomhréir le pointí 21L.B.21 agus 21L.B.22.

21L.B.146 **Athruithe ar dhearbhuithe**

(a) I gcás ina bhfaightear fógra maidir le hathruithe i gcomhréir le pointe 21L.A.128, déanfaidh an t-údarás inniúil iomláine an fhógra a fhíorú i gcomhréir le pointe 21L.B.141.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chlár maoirseachta arna bhunú i gcomhréir le pointe 21L.B.144 a nuashonrú agus fiosróidh sé an gá atá le haon choinníollacha a bhunú faoinar féidir leis an eagraíocht oibriú i rith an athraithe.

(c) I gcás ina ndéanfaidh an t-athrú difear d'aon ghné den dearbhú atá cláraithe i gcomhréir le pointe 21L.B.142, déanfaidh an t-údarás inniúil an clár a thabhairt cothrom le dáta.

(d) Nuair a chuirfear i gcrích na ngníomhaíochtaí a cheanglaítear le pointí (a) go (c), admhóidh an t-údarás inniúil don eagraíocht táirgthe dhearbhaithe go bhfuair sé an fógra.

FOCHUID H – DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21L.B.161 **Imscrúdú**

(a) Ullmhóidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe na nósanna imeachta dá imscrúduithe, lena gcumhdófar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

1. meastóireacht ar incháilitheacht an iarratasóra;

2. meastóireacht ar choinníollacha an iarratais;

3. aicmiú na ndeimhnithe aeracmhainneachta;

4. meastóireacht ar an doiciméadacht a fuarthas leis an iarratas;

5. iniúchtaí ar aerárthaí;

6. na coinníollacha, na srianta nó na teorainneacha is gá maidir leis an deimhniú a chinneadh.

(b) Ar iarratas a fháil ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta, fíoróidh údarás inniúil Bhallstáit an chláraithe an bhfuil an t-aerárthach laistigh den raon feidhme a bhunaítear i bpointe 21L.A.141.

(c) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe gníomhaíochtaí leordhóthanacha imscrúdaithe chun údar a thabhairt le heisiúint, cóiméad, leasú, fionraí nó cúlghairm an deimhnithe aeracmhainneachta nó an deimhnithe srianta aeracmhainneachta. Agus imscrúduithe á ndéanamh aige maidir le deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisiúint d'aerárthach nuatháirgthe, déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe meastóireacht ar an ngá atá le hiniúchadh fisiciúil a dhéanamh ar an aerárthach chun comhréireacht agus sábháilteacht eitilte an aerárthaigh a áirithiú sula n-eiseofar deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sa mheastóireacht sin:

1. torthaí na cigireachta fisicí ar an gcéad airteagal den táirge sin sa chumraíocht dheireanach, arna déanamh i gcomhréir le pointe (b) de phointe 21L.B.143 nó le pointe (b) de phointe 21L.B.251 ag údarás inniúil Bhallstát an chláraithe, nó ag an údarás inniúil a dhéanann maoirseacht ar an eagraíocht nó ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a tháirg an t-aerárthach sin, murab ionann iad;

2. an tréimhse ama ón iniúchadh fisiceach deireanach a rinne údarás inniúil Bhallstát cláraithe aerárthaigh a tháirg an eagraíocht, nó an duine nádúrtha nó dlítheanach a tháirg an t-aerárthach sin;

3. torthaí na maoirseachta a rinneadh faoi Fhochuid G nó faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo nó faoi Fhochuid G de Roinn B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) ar an eagraíocht a eisíonn an ráiteas comhréireachta don aerárthach, nó an fíorú a rinneadh faoi Fhochuid R de Roinn A den Iarscríbhinn seo ar ráitis chomhréireachta eile (Foirm 52B EASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1 EASA) a d'eisigh an sínitheoir céanna;

4. an tréimhse ama ón gcuairt dheireanach mhaoirseachta a thug an eagraíocht i gcomhréir le Fochuid G den Iarscríbhinn seo, nó Fochuid G de Roinn B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), nó ón uair a rinneadh an fíorú deireanach faoi Fhochuid R de Roinn A den Iarscríbhinn seo ar ráiteas comhréireachta (Foirm 52B EASA) nó ar dheimhniú eisiúna údaraithe (Foirm 1 EASA) a d'eisigh an sínitheoir céanna.

21L.B.162 **Deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisiúint nó a leasú**

(a) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhniú aeracmhainneachta (Foirm 25 EASA, féach Foscríbhinn VI a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid 21)) a eisiúint nó a leasú gan moill mhíchuí nuair a bheidh an doiciméadacht a cheanglaítear le pointe 21L.A.143 curtha ar fáil ag an iarratasóir agus go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí i bpointe 21L.A.144, agus nuair a chomhlíonfar é:

1. i gcás aerárthaigh nua, go bhfuil an t-aerárthach, agus an t-inneall agus an lián, más infheidhme, i gcomhréir le dearadh atá ceadaithe i gcomhréir le Fochuid B den iarscríbhinn seo agus go bhfuil bail air lenar féidir é a oibriú go sábháilte;

2. i gcás aerárthaí athláimhe:

(i) go bhfuil an t-aerárthach, agus an t-inneall agus an lián más infheidhme, i gcomhréir le dearadh cineáil arna cheadú i gcomhréir le Fochuid B den Iarscríbhinn seo agus le haon deimhniú cineáil forlíontach, athrú nó deisiú a cheadaítear i gcomhréir le Fochuid D, le Fochuid E nó le Fochuid M den Iarscríbhinn seo;

(ii) gur comhlíonadh na treoracha aeracmhainneachta is infheidhme; agus

(iii) go ndearnadh cigireacht ar an aerárthach, agus ar a inneall agus a lián más infheidhme, i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

(b) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstáit an chláraithe deimhniú srianta aeracmhainneachta (Foirm 24B EASA, féach Aguisín I) a eisiúint nó a leasú gan moill mhíchuí nuair a bheidh an doiciméadacht a cheanglaítear le pointe 21L.A.143 curtha ar fáil ag an iarratasóir agus go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí i bpointe 21L.A.144, agus nuair a chomhlíonfar é:

1. i gcás aerárthaigh nua, go bhfuil an t-aerárthach, agus an t-inneall agus an lián, más infheidhme, i gcomhréir le dearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A den Iarscríbhinn seo atá cláraithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.63 tráth an iarratais, agus go bhfuil bail air lenar féidir é a oibriú go sábháilte;

2. i gcás aerárthaí athláimhe:

(i) go bhfuil an t-aerárthach, agus a inneall agus a lián más infheidhme, i gcomhréir le dearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A den Iarscríbhinn seo, agus atá cláraithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.63 tráth an iarratais, mar aon le haon athruithe ar dhearadh nó ar dheisiúchán ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A atá cláraithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.122 nó le pointe 21L.B.222, nó ag an dearbhóir i gcomhréir le pointe (c) de phointe 21L.A.105;

(ii) gur comhlíonadh na treoracha aeracmhainneachta is infheidhme; agus

(iii) go ndearnadh cigireacht ar an aerárthach i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

(c) De mhaolú ar phointe (a) agus ar phointe (b) de phointe 21L.B.162, i gcás aerárthaigh úsáidte de thionscnamh Ballstáit eile, eiseoidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe nua an deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta ar aeracmhainneacht i gcás inar chuir an t-iarratasóir an doiciméadacht a cheanglaítear le pointe (b) de phointe 21L.A.145 ar fáil agus nuair is deimhin leis go gcomhlíonann an t-iarratasóir pointe (a) de phointe 21L.A.144.

(d) I gcás aerárthaí nua nó aerárthaí athláimhe a thagann ó Stát nach Ballstát é, sa bhreis ar an deimhniú aeracmhainneachta iomchuí dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b), eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe an méid seo a leanas:

1. i gcás aerárthaí atá faoi réir Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15a EASA, Foscríbhinn II);

2. i gcás aerárthaí nua atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, Foscríbhinn II);

3. i gcás aerárthaí athláimhe a thagann ó Stát nach ballstát é agus atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, Foscríbhinn II), nuair a bheidh an deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta déanta ag an údarás inniúil."

(e) Eiseofar deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aerfhiúntais go ceann tréimhse neamhtheoranta. Is é an t-údarás inniúil i mBallstát an chláraithe, agus é sin amháin, a fhéadfaidh é a leasú.

21L.B.163 **Maoirseacht**

(a) Má thugtar fianaise gur sáraíodh aon cheann de na coinníollacha faoinar eisíodh an deimhniú aeracmhainneachta nó an deimhniú srianta aeracmhainneachta, nó nach gcomhlíonann an sealbhóir ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin nó an dearadh cineáil is infheidhme nó na sonraí deartha is infheidhme de chuid aerárthaigh ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á gcomhlíonadh ina leith, nó na ceanglais maidir le haeracmhainneacht leanúnach, eiseoidh údarás inniúil Bhallstát na cláraithe cinneadh i gcomhréir le pointe 21L.B.21.

(b) Nuair a dhéanfar an deimhniú cineáil faoinar eisíodh an deimhniú aerfhiúntais a chur ar fionraí nó a chúlghairm, nó nuair a thiocfaidh sé chun bheith neamhbhailí ar bhealach eile i gcomhréir le pointe 21L.A.30, nó nuair nach ndéantar an dearbhú comhlíontachta faoinar eisíodh an deimhniú srianta aerfhiúntais a chlárú a thuilleadh i gcomhréir le pointe 21L.B.63, gníomhóidh údarás inniúil Bhallstát na clárlainne i gcomhréir le pointe 21L.B.22.

FOCHUID I – DEIMHNITHE TORAINN

21L.B.171 **Imscrúdú**

(a) Ullmhóidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe na nósanna imeachta dá imscrúduithe, lena gcumhdófar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

1. meastóireacht ar incháilitheacht an iarratasóra;

2. meastóireacht ar choinníollacha an iarratais;

3. meastóireacht ar an doiciméadacht a fuarthas leis an iarratas;

4. cigireachtaí ar aerárthaí.

(b) Ar iarratas a fháil ar dheimhniú torainn nó ar dheimhniú srianta torainn, fíoróidh údarás inniúil Bhallstáit an chláraithe an bhfuil an t-aerárthach laistigh den raon feidhme a bhunaítear i bpointe 21L.A.161.

(c) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe gníomhaíochtaí leordhóthanacha imscrúdaithe d'iarratasóir ar dheimhniú torainn nó do shealbhóir deimhnithe srianta torainn nó do shealbhóir an deimhnithe sin chun bonn cirt a thabhairt le heisiúint, coiméad, leasú, fionraí nó cúlghairm an deimhnithe.

21L.B.172 **Deimhnithe torainn a eisiúint nó a leasú**

(a) Eiseoidh nó leasóidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhnithe torainn (Foirm 45 EASA), féach Foscríbhinn VII a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid 21)) agus deimhnithe srianta torainn (Foirm 45B EASA), féach Foscríbhinn II) gan moill mhíchuí i gcás inar chuir an t-iarratasóir an doiciméadacht a cheanglaítear le pointe 21L.A.163 ar fáil agus nuair a bheidh sé sásta go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir leis an bhfaisnéis torainn is infheidhme arna cinneadh i gcomhréir leis na ceanglais torainn is infheidhme.

(b) I gcás aerárthaí úsáidte de thionscnamh Ballstáit eile, eiseofar an deimhniú torainn nó an deimhniú srianta torainn i ndáil leis na sonraí comhfhreagracha a sholáthróidh bunachar sonraí na Gníomhaireachta maidir le leibhéil torainn.

(c) Eiseofar deimhniú torainn nó deimhniú srianta torainn ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Is é an t-údarás inniúil i mBallstát an chláraithe, agus é sin amháin, a fhéadfaidh é a leasú.

21L.B.173 **Maoirseacht**

(a) Má thugtar fianaise gur sáraíodh aon cheann de na coinníollacha faoinar eisíodh an deimhniú torainn nó an deimhniú srianta torainn, nó nach gcomhlíonann an sealbhóir ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin nó leis an dearadh cineáil is infheidhme nó le sonraí deartha is infheidhme aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith, eiseoidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe cinneadh i gcomhréir le pointe 21L.B.21.

(b) Nuair a dhéanfar an deimhniú cineáil faoinar eisíodh an deimhniú torainn a chur ar fionraí nó a chúlghairm, nó nuair a bheidh sé neamhbhailí ar shlí eile i gcomhréir le pointe 21L.A.30, nó nuair nach bhfuil an dearbhú comhlíontachta dearaidh faoinar eisíodh an deimhniú srianta torainn cláraithe a thuilleadh i gcomhréir le pointe 21L.B.63, gníomhóidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe i gcomhréir le pointe 21L.B.22.";

(c) cuirtear isteach an Fhochuid p seo a leanas:

"FOCHUID P – CEAD EITILTE

21L.B.241 **Imscrúdú a dhéanamh sula n-eiseofar cead eitilte**

(a) Gan dochar d'Fhochuid P de Roinn B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), agus imscrúdú á dhéanamh aige ar iarratas ar eisiúint cead eitilte d'aerárthach atá laistigh de raon feidhme na hIarscríbhinne seo, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit iniúchadh fisiciúil ar an aerárthach agus beidh sé sásta go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir leis an dearadh a shainítear faoi phointe 21.A.708 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) roimh an eitilt nuair a bhaineann an t-iarratas ar chead eitilte leis an méid seo a leanas:

1. léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i bpointe 21L.A.25 i gcás aerárthaigh atá cineáldeimhnithe nó atá ceaptha lena dheimhniú;

2. léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i bpointe 21L.A.44 maidir le haerárthach a ndearbhaítear comhlíonadh an deartha ina leith, nó a bhfuil sé beartaithe an comhlíonadh sin a dhearbhú ina leith.

(b) Maidir le gach iarraidh eile ar chead eitilte a eisiúint i gcomhair gníomhaíochtaí agus aerárthaí laistigh de raon feidhme na hIarscríbhinne seo, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú, i gcomhréir le pointe 21.B.520 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), ar an ngá atá le cigireacht fhisiciúil.

(c) Má thagann an t-údarás inniúil ar fhianaise a léiríonn nach bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir leis an dearadh a shainmhínítear faoi phointe 21.A.708 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), ardóidh sé toradh i gcomhréir le pointe 21L.B.21.

21L.B.242 **Imscrúdú roimh choinníollacha eitilte a eisiúint**

(a) Gan dochar d'Fhochuid P de Roinn B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), le linn di imscrúdú a dhéanamh ar iarratas ar fhormheas dálaí eitilte i leith aerárthaigh a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

1. má bhaineann an t-iarratas ar dhálaí eitilte le léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i bpointe 21L.A.25. i ndáil le haerárthach atá cineáldheimhnithe nó atá beartaithe a bheith cineáldheimhnithe athbhreithniú deartha criticiúil a dhéanamh maidir leis an dearadh agus cigireacht fhisiciúil a dhéanamh ar an aerárthach chun a áirithiú go bhfuil an t-aerárthach in ann eitilt shábháilte a dhéanamh, agus gur féidir tástáil eitilte a dhéanamh go sábháilte;

2. má bhaineann an t-iarratas ar dhálaí eitilte le léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i bpointe 21L.A.44 maidir le haerárthach a ndearbhaítear comhlíonadh an deartha ina leith, nó a bhfuil sé beartaithe an comhlíonadh sin a dhearbhú ina leithd, déanfaidh sé iniúchadh agus measúnú fisiciúil ar an aerárthach id'fhonn a áirithiú go bhfuil an t-aerárthach in ann eitilt shábháilte a dhéanamh, agus gur féidir tástáil eitilte a dhéanamh go sábháilte;

3. má bhaineann an t-iarratas ar dhálaí eitilte le léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i leith mórathrú ar phointe 21L.A.66, deimhniú cineáil forlíontach i bpointe 21L.A.85 nó mórdheisiú i bpointe 21L.A.206, bunaithe ar an meastóireacht a dhéantar i bpointe 21L.B.83, pointe 21L.B.102 agus pointe 21L.B.102, a chinneadh an gá le cigireacht fhisiciúil agus measúnú fisiciúil a dhéanamh ar an aerárthach agus athbhreithniú deartha criticiúil a dhéanamh ar an dearadh chun a áirithiú gur féidir leis an aerárthach eitilt shábháilte a dhéanamh agus gur féidir tástáil eitilte a dhéanamh go sábháilte;

4. má bhaineann an t-iarratas ar dhálaí eitilte le léiriú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta i leith mórathrú ar phointe 21L.A.108 nó i gcás mórdheisithe i bpointe 21L.A.227, bunaithe ar an meastóireacht arna déanamh i bpointe 21L.B.121 agus pointe 21L.B.221, cinntear an gá le cigireacht agus measúnú fisiciúil a dhéanamh ar an aerárthach chun a áirithiú gur féidir leis an aerárthach eitilt shábháilte a dhéanamh agus gur féidir an tástáil eitilte a dhéanamh go sábháilte.

(b) Má thagann an Ghníomhaireacht ar fhianaise a léiríonn nach bhféadfadh an t-aerárthach eitilt shábháilte a dhéanamh, ardóidh an Ghníomhaireacht toradh i gcomhréir le pointe 21L.B.21.";

(d) cuirtear isteach an Fhochuid R seo a leanas:

"FOCHUID R – RÁITEAS COMHRÉIREACHTA LE HAGHAIDH AERÁRTHAÍ AGUS DEIMHNITHE EISIÚNA ÚDARAITHE (EASA FOIRM 1) D'INNILL AGUS LIÁIN, AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH, ATÁ I GCOMHRÉIR LE DEARBHÚ COMHLÍONTACHTA MAIDIR LEIS AN DEARADH

21L.B.251 **Maoirseacht**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil maoirseacht ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a eisíonn ráitis chomhréireachta (Foirm 52B EASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1) faoi Fhochuid R de Roinn A den Iarscríbhinn seo chun a fhíorú go bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach ag comhlíonadh na gceanglas infheidhme de Roinn A agus cur chun feidhme na mbeart sábháilteachta atá sainordaithe de réir phointe (c) agus phointe (d) de phointe 21L.B.15.

(b) Beidh ar áireamh sa mhaoirseacht sin an chéad iniúchadh airteagail ar gach aerárthach, inneall, lián nó páirt nua a tháirgtear den chéad uair ar eisigh an duine nádúrtha nó dlítheanach ráiteas comhréireachta (Foirm 52BEASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm EASA 1) ina leith, agus, mar a chinntear leis an gclár maoirseachta i gcomhréir le pointe 21L.B.252, cigireachtaí ar bhreis aerárthach, innill, liáin agus páirteanna arna dtáirgeadh ag an duine nádúrtha nó dlítheanach sin.

21L.B.252 **Clár maoirseachta**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil clár maoirseachta a bhunú agus a choinneáil ar bun, chun comhlíontacht le pointe 21L.B.251 a áirithiú. Cuirfear san áireamh sa chlár maoirseachta cineál sonrach na heagraíochta, an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh, castacht a ngníomhaíochtaí, agus torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh roimhe seo, agus beidh sé bunaithe ar an measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis sin. Áireofar ann na nithe seo a leanas, laistigh de gach timthriall pleanála maoirseachta:

1. measúnuithe, iniúchtaí agus cigireachtaí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

   (i) measúnuithe ar an gcóras rialaithe táirgthe agus ar iniúchtaí ar phróisis;

   (ii) iniúchtaí táirge ar shampla ábhartha de na táirgí agus de na páirteanna a thagann faoi raon feidhme an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh;

   (iii) sampláil ar an obair a dhéantar; agus

   (iv) cigireachtaí neamhfhógartha;

2. cruinnithe a tionóladh idir an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach agus an t-údarás inniúil chun a áirithiú go gcoinneofar an dá cheann ar an eolas maidir le gach saincheist shuntasach.

(b) Áireofar sa chlár maoirseachta taifid de na dátaí atá na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe dlite, agus na dátaí a cuireadh na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe i gcrích go héifeachtach.

(c) Cuirfear timthriall pleanála maoirseachta nach faide ná 24 mhí i bhfeidhm.

(d) D'ainneoin phointe (c), féadfar an timthriall pleanála maoirseachta a shíneadh go 36 mhí más rud é gur bhunaigh an t-údarás inniúil an méid a leanas le linn na 24 mhí roimhe sin:

1. go bhfuil sé léirithe ag an duine nádúrtha nó dlítheanach gur féidir leis guaiseacha sábháilteachta eitlíochta a shainaithint go héifeachtach agus na rioscaí gaolmhara a bhainistiú;

2. go bhfuil sé léirithe go leanúnach ag an duine nádúrtha nó dlítheanach go bhfuil pointe 21L.A.273 á chomhlíonadh agus go bhfuil smacht iomlán acu ar na hathruithe ar fad ar an gcóras bainistíochta táirgthe;

3. nár eisíodh aon toradh ar leibhéal 1;

4. gur cuireadh gach gníomhaíocht cheartaitheach chun feidhme laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi mar a shainmhínítear i bpointe 21L.B.21.

(e) D'ainneoin phointe (c), féadfar síneadh breise a chur leis an timthriall pleanála formhaoirseachta go dtí 48 mhí ar a mhéad más rud é, sa bhreis ar na coinníollacha a sholáthraítear i bpointí (d), go bhfuil córas éifeachtach leanúnach bunaithe ag an duine nádúrtha nó dlíthiúil chun tuairisciú don údarás inniúil ar fheidhmíocht sábháilteachta agus ar chomhlíontacht rialála an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh, agus go bhfuil an t-údarás inniúil tar éis é a fhormheas.

(f) Is féidir an timthriall pleanála maoirseachta a laghdú má tá fianaise ann gur tháinig laghdú ar fheidhmíocht sábháilteachta an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh.

(g) Tar éis don údarás inniúil gach timthriall pleanála maoirseachta a chur i gcrích, eiseoidh sé tuarascáil mholta maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí a dhéanann an duine nádúrtha nó dlítheanach, ina léireofar torthaí na maoirseachta.

21L.B.253 **Gníomhaíochtaí maoirseachta**

(a) I gcás ina bhfíoróidh an t-údarás inniúil go comhlíontacht an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh i gcomhréir le pointe 21L.B.251 agus leis an gclár maoirseachta a bunaíodh i gcomhréir le pointe 21L.B.252, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

1. treoir a chur ar fáil don phearsanra atá freagrach as maoirseacht chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;
2. measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus, más gá, cigireachtaí neamhfhógartha a dhéanamh;
3. an fhianaise is gá a bhailiú i gcás ina mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochta, lena n-áirítear na bearta dá bhforáiltear i bpointe 21L.B.21 agus i bpointe 21L.B.22;
4. torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta a chur in iúl don duine nádúrtha nó don duine dlítheanach.

(b) I gcás ina bhfuil saoráidí an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh lonnaithe i níos mó ná Stát amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil a shainaithnítear i bpointe 21L.2 teacht ar chomhaontú go ndéanfaidh údarás inniúil nó údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil saoráidí eile lonnaithe, nó go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht iad féin i gcás saoráidí atá lonnaithe i mBallstát nach Ballstát é. Déanfar aon duine nadúrtha nó dlítheanach atá faoi réir comhaontú den sórt sin a chur ar an eolas gurb ann dó agus maidir lena raon feidhme.

(c) I gcás aon ghníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanann an t-údarás inniúil ag saoráidí atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil a phríomháit ghnó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach, cuirfidh an t-údarás inniúil údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an eolas sula ndéanfaidh sé aon iniúchadh nó cigireacht ar an láthair ar na saoráidí.

(d) Baileoidh agus próiseálfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh.

(e) Má bhraitheann an t-údarás inniúil nár chomhlíon an duine nádúrtha nó dlítheanach a eisíonn ráitis chomhréireachta (Foirm 52BEASA) nó deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1EASA) ceanglais infheidhme Roinn A agus cur chun feidhme na mbeart sábháilteachta atá sainordaithe de réir phointe (c) agus phointe (d) de phointe 21L.B.15, gníomhóidh an t-údarás inniúil i gcomhréir le pointí 21L.B.21 agus 21L.B.22”.